Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9021/19**

**ECOFIN 468**
**UEM 139**
**SOC 346**
**EMPL 260**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Conclúidí ó Chomhairle Ecofin maidir le grinn-athbhreithnithe agus maidir le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2018 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe agus le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2018, mar a d'fhormhuinigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (EFC) iad ar an 2 Bealtaine 2019.

# Dréachtchonclúidí ó Chomhairle Ecofin maidir le Grinn-athbhreithnithe agus cur chun feidhme Mholtaí Tír-Shonracha 2018

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh na tuarascálacha de réir tíre ón gCoimisiún lena n-áirítear na grinn-athbhreithnithe i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena ndéantar anailís ar na beartais eacnamaíocha do gach Ballstát agus lena ndéantar faireachán ar chur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2018. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an Teachtaireacht lena ngabhann ina bhfuil na conclúidí ón gCoimisiún maidir le míchothromaíochtaí a shainaithint agus maidir lena thromchúisí atá na míchothromaíochtaí sin.

2. CUIRFIDH sí na gnéithe sin san áireamh, mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 22 Eanáir 2019 maidir leis an suirbhé bliantúil fáis agus an tuarascáil maidir leis an sásra foláirimh, na cláir náisiúnta um athchóiriú, na cláir um chobhsaíocht agus um chóineasú agus an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro nuair a ghlacfaidh sí moltaí tír-shonracha 2019.

**I - GRINN-ATHBHREITHNITHE**

3. MEASANN SÍ go ndéantar anailís chuimsitheach, ar ardchaighdeán ar staid na tíre sna grinn-athbhreithnithe i gcás gach Ballstát a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu. AITHNÍONN SÍ gur baineadh úsáid as uirlisí ábhartha anailíseacha, arna gcomhlánú le hanailís shubstainteach cháilíochtúil i bhfianaise na ndúshlán sonrach atá ag gach geilleagar.

4. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de chineál agus de mhéid éagsúil i ngach ceann de na 13 Bhallstát sin ar a ndearnadh anailís sna grinn-athbhreithnithe (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn agus an tSualainn) faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

5. AONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha ann i dtrí Bhallstát (an Chipir, an Ghréig agus an Iodáil).

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar bhearta beartais arna nglacadh ag na Ballstáit ar fad a bhfuil míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha acu faoi chuimsiú faireachán sonrach.

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ar bhealach trédhearcach, cuimsitheach, lena n-áiritheofar go mbeidh úinéireacht ag na Ballstáit ar an nós imeachta, lena n-áirítear gníomhachtú an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha i gcás ina measann an Coimisiún agus an Chomhairle gurb iomchuí sin a dhéanamh. ÁITÍONN SÍ pé uair a thagann an Coimisiún ar an tátal go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i mBallstát, ach nach moltar don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, ba cheart dó na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a cheartú san Aontas a bhuí le fás san olltáirgeacht intíre agus le hiarrachtaí na mBallstát ó thaobh beartais de. CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil leochaileachtaí fós i mBallstáit áirithe, go háirithe i gcás ina bhfuil siad nasctha le míchothromaíochtaí stoic atá ann i gcónaí - tá míchothromaíochtaí fiachais phríobháidigh agus rialtais go háirithe ar leibhéil níos airde ná mar a bhí riamh agus níl na míchothromaíochtaí sin á gceartú gasta go leor. CUIREANN SÍ i bhFIOS go laghdaítear an deis chun suaití diúltacha eacnamaíocha a bheidh ann sa todhchaí a sheasamh leis na leibhéil arda fiachais sin. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i gcás ina bhfuil comharthaí ann maidir le treochtaí a d'fhéadfadh a bheith neamh-inbhuanaithe, go háirithe i gcás ina nasctar iad le fás tapa i bpraghsanna tithe agus le costais aonad saothair atá ag ardú go gasta.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta i measc na dtíortha glan-fhiachacha chun easnaimh ina gcuntais reatha a cheartú, ach tá roinnt Ballstát fós leochaileach ó thaobh stoic mhóra fiachais sheachtraigh. Ag an am céanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha a léiriú ag Ballstáit eile, rud atá i gcónaí buanseasmhach agus níl ach laghdú beag le feiceáil i ndáil leo siúd. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit a bhfuil easnaimh sa chuntas reatha nó fiacha seachtracha arda acu iarracht sa bhreis a dhéanamh chun a n-iomaíochas a fheabhsú agus chun cosc a chur ar fhás rómhór i gcostais aonad saothair. Ba cheart do na Ballstáit ag a bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha na dálaí le fás pá a chur chun cinn a neartú a thuilleadh, agus ról náisiúnta na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú, agus ba cheart dóibh leanúint de thús áite a thabhairt do chur chun feidhme bearta lena gcothófar infheistíocht, lena dtacófar le hacmhainneacht éilimh agus fáis intíre, agus athchothromú á éascú freisin leis sin.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le gníomhaíocht bheartais agus le tiomantas láidir maidir le hathchóirithe struchtúracha chun míchothromaíochtaí a laghdú sna Ballstáit uile, lena n-áirítear nuair a bhíonn míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iontu lena ndéantar difear d'fheidhmiú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí ar bhealach marthanach a chuirfeadh feabhas ar athléimneacht agus a laghdódh rioscaí, ag díriú ar na príomhdhúshláin agus ar dhálaí a chruthú ar mhaithe le fás agus le poist inbhuanaithe.

**II - MOLTAÍ TÍR-SHONRACHA A CHUR CHUN FEIDHME**

11. MEABHRAÍONN SÍ go léirítear i measúnú ilbhliantúil an Choimisiúin go mbaineann roinnt moltaí tír-shonracha le saincheisteanna struchtúracha fadtéarmacha a nglacann sé am aghaidh a thabhairt orthu agus go dtógann sé tamall torthaí inláimhsithe a fheiceáil. IS DÍOL SÁSAIMH DI measúnú ilbhliantúil an Choimisiúin ar chur chun feidhme na moltaí tír-shonracha ina léirítear go bhfuil 'roinnt dul chun cinn' déanta i dtaobh breis agus dhá thrian de na moltaí ó cuireadh tús leis an Seimeastar Eorpach in 2011. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil go leor fós le déanamh ó thaobh chur chun feidhme moltaí tír-shonracha 2018 agus go bhfuil éagsúlachtaí ann i gcónaí maidir le cur chun feidhme athchóirithe i réimsí beartais agus i dtíortha éagsúla. CUIREANN SÍ i bhFIOS go n-éilítear béim leanúnach agus úinéireacht láidir náisiúnta chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh athchóirithe de.

12. CUIREANN SÍ i bhFIOS, i bhfianaise na rioscaí domhanda atá ag méadú agus fás níos moille, go mbeidh sé ríthábhachtach go gcuirfí athchóirithe chun feidhme ar bhealach níos láidre. Ba cheart tabhairt faoin mbeartas fioscach agus lánurraim á tabhairt don chomhshocrú cobhsaíochta agus fáis, agus difreáil chuí ann idir na hiarrachtaí fioscacha ar fud na mBallstát, agus ar an gcaoi sin, riachtanais na cobhsaíochta agus ábhar imní maidir leis an inbhuanaitheacht á gcur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ i bhFIOS gur gá a bheith cúramach nach dtéitear ar ais ar athchóirithe struchtúracha tábhachtacha. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil dúshlán os comhair na hEorpa go fóill maidir le táirgiúlacht, agus fás marbhánta táirgiúlachta ann atá ar gcúl na rátaí fáis in ardgheilleagair eile. Ós amhlaidh atá, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá athchóirithe struchtúrtha agus infheistíocht, lena n-áirítear in oideachas agus in oiliúint ar ardchaighdeán ionas gur féidir an nuálaíocht agus an digitiú a chothú, agus idirleathadh teicneolaíochtaí nua a éascú le táirgiúlacht agus poist a luathú.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil níos mó béime á leagan ar riachtanais infheistíochta i dtuarascálacha de réir tíre na bliana 2019 agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún béim níos láidre a chur ar riachtanais infheistíochta i moltaí tír-shonracha 2019. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndearna na Ballstáit roinnt dul chun cinn sna réimsí a bhaineann le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, ar an rochtain ar mhaoiniú, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a laghdaíonn na hualaí riaracháin agus a chruthaíonn córais chánach atá cothrom agus atá fabhrach don fhás, ach tá sé tugtha faoi deara aici nach leor an dul chun cinn atá déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar bhaic ar infheistíocht agus maidir leis an acmhainneacht fáis a mhéadú. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart tosaíocht a thabhairt do thuilleadh athchóirithe struchtúracha chun baic ar infheistíocht a bhaint, feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis, tuilleadh feabhais a chur ar an timpeallacht institiúideach agus ghnó, agus éifeachtúlacht riaracháin agus an cháilíocht rialála araon a neartú. TUGANN SÍ DÁ hÁIRE gur gá an margadh aonair a neartú, rud a chothaíonn tuilleadh athchóirithe struchtúrtha i margadh na dtáirgí agus i margadh na seirbhísí, agus athchóiriú a dhéanamh ar chreataí dócmhainneachta, rud a chuireann lena n-éifeachtúla atá siad. D'fhágfadh sin go gcuirfí leis an athléimneacht agus go gcuirfí ar chumas na ngeilleagar dul i ngleic le suaitheadh.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil feabhas ag teacht ar an gcás san earnáil baincéireachta i gcónaí agus go bhfuil cóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha tar éis cobhsú i mbeagnach gach Ballstát den limistéar euro is mó a bhí thíos leis nó go bhfuil siad ag dul i laghad, ach CUIREANN SÍ I bhFIOS nach ionann an dul chun cinn ar fud na mBallstát agus na mbanc agus gur gá tuilleadh gníomhaíochta mar sin, i gcomhréir le plean gníomhaíochta na Comhairle. CUIREANN SÍ i bhFIOS freisin gur gá leanúint den chobhsaíocht airgeadais a chosaint agus neamhspleáchas an bheartais airgeadaíochta a chaomhnú.

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh in earnáil an tsaothair, ach TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin mhóra ann i gcónaí. Tá dífhostaíocht fós ard i mBallstáit áirithe agus tá neamhionannas ar na leibhéil a bhí sé roimh an ngéarchéim. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dífhostaíocht i measc na n-óg agus dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú, agus chun rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a mhéadú, de réir mar is gá. Ní mór do mhargaí an tsaothair agus do na córais shóisialta agus na córais oideachais iad féin a oiriúnú chun gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an domhandú, leis an dul chun cinn teicneolaíochta agus chun déileáil leis an athrú déimeagrafach. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ i dTREIS gur gá creataí margáil faoi phá lena dtacaítear le socrú pá i gcomhréir le forbairtí áitiúla agus earnálacha maidir le táirgiúlacht agus le dífhostaíocht, agus urraim á tabhairt do ról náisiúnta na gcomhpháirtithe sóisialta, mar aon leis an ngá atá le gníomhaíocht bheartais lena áirithiú go ndéanfaidh institiúidí i margaí an tsaothair an coigeartú riachtanach chun tacú le huas-sciliú agus le hathsciliú, agus chun beartais éifeachta gníomhacha mhargadh an tsaothair a áirithiú.

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chaoi a ndearna an Coimisiún colún Eorpach na gceart sóisialta a ionchorprú laistigh de na tuarascálacha de réir tíre chun súil a choinneáil ar fheidhmíocht na fostaíochta agus ar an bhfeidhmíocht shóisialta, rud a d'éascaigh díriú ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus ar na príomhthosaíochtaí athchóirithe eacnamaíocha atá le coinneáil.